C/2024/1809

28.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11487 – DIGITALBRIDGE / EQUITIX / FREEDOM FIBRE / VX FIBER / LILACONNECT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1809)

1. An 20 Feabhra 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DigitalBridge Group, Inc. ('DigitalBridge', na Stáit Aontaithe),

— Equitix Holdings Limited ('Equitix', An Ríocht Aontaithe),

— Freedom Fibre Limited ('Freedom Fibre', An Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Equitix faoi láthair,

— VX Fiber Limited ('VX Fiber', An Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú DigitalBridge faoi láthair, agus

— LilaConnect Limited ('LilaConnect', An Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú DigitalBridge faoi láthair.

Gheobhaidh DigitalBridge agus Equitix rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Freedom Fibre, VX Fiber agus LilaConnect.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta é DigitalBridge a infheistíonn, go díreach nó trína chistí bainistithe agus trína chuideachtaí punainne, i gcúig phríomhréimse: (i) lárionaid sonraí; (ii) crainn chumarsáide; (iii) líonraí snáithíní; (iv) mionchealla; agus (v) bonneagar ciumhais,

— Is infheisteoir, forbróir agus bainisteoir cistí fadtéarmacha ar bhonneagar lárnach agus ar shócmhainní éifeachtúlachta fuinnimh é Equitix,

— Is soláthróir FTTP sa Ríocht Aontaithe é Freedom Fibre atá gníomhach i leathadh amach líonraí leathanbhanda snáthoptaice i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon sa Ríocht Aontaithe amháin,

— Sa Ríocht Aontaithe amháin, déanann VX Fiber líonraí éighníomhach agus gníomhacha cábla snáthoptaice go háitreabh ('FTTP') a chur in úsáid agus a oibriú agus tá siad faoina úinéireacht,

— Is soláthraí seirbhíse idirlín (ISP) sa Ríocht Aontaithe amháin é LilaConnect.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11487 – DIGITALBRIDGE / EQUITIX / FREEDOM FIBRE / VX FIBER / LILACONNECT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË